C/2025/3181

5.6.2025

FOCHOISTE I UM SHAORGHLUAISEACHT EARRAÍ

LIOSTA DE NA CINNTÍ NÁISIÚNTA DE RÉIR RIALACHÁN (AE) 2018/848 AIRT. 45 AGUS 47

(C/2025/3181)

Le tabhairt dá aire ag Comhchoiste LEE

1. Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (32018R0848), ionchorpraíodh é i gComhaontú LEE le Cinneadh ó Chomhchoiste LEE Uimh. 31/2022 an 4 Feabhra 2022.

2. De réir Chinneadh Uimh. 31/2022 ó Chomhchoiste LEE, cuirfear an mhír seo a leanas le hAirteagal 47 de Rialachán (AE) 2018/848: *'Nuair atá tríú tír aitheanta ag an Aontas i gcomhréir leis an bhforáil seo, tabharfaidh sé fógra do Bhuanchoiste Stáit CSTE. Laistigh de 30 lá tar éis dóibh an fógra a fháil, déanfaidh Stáit CSTE cinneadh maidir le haitheantas coibhéise an tríú tír agus na coinníollacha a bhaineann leis an táirge a shonraítear i bhfógra an Aontais. Cuirfear Comhchoiste LEE ar an eolas maidir leis an cinntí seo agus foilseoidh sé liosta de na cinntí go tréimhsiúil i bhForlíonadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.'*

3. Thug an tAontas Eorpach fógra do Bhuanchoiste Stáit CSTE gur aithin an tAontas an tSile, an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe faoi seach mar thíortha ag a bhfuil córas táirgthe a chomhlíonann na cuspóirí agus na prionsabail chéanna trí rialacha a chur i bhfeidhm lena n-áirithítear an leibhéal dearbhaithe comhréireachta céanna agus atá ag an Aontas:

   — An Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile maidir le trádáil i dtáirgí orgánacha (IO L 331, 14.12.2017, lch. 4) (a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2018). N.B.: Cuireadh an tSile le hIarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán 1235/2008 trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/949 ón gCoimisiún (IO L 167, 4.7.2018, lch. 3).

   — Iarscríbhinn 9 a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta (IO L 114, 30.4.2002, lch. 132) (a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2002) arna leasú ina dhiaidh sin le Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise lena leasaítear an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta (IO L 136, 30.5.2009, lch. 2) agus Cinneadh Uimh. 2/2015 ón gComhchoiste um Thalmhaíocht an 19 Samhain 2015 maidir le leasú Fhoscríbhinní 1 agus 2 a ghabhann le hIarscríbhinn 9 a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta (IO L 323, 9.12.2015, lch. 29).

   — Iarscríbhinn 14 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (IO L 149, 30.4.2021, lch. 10) (arna chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021)

4. An 27 Meán Fómhair 2024, thug Stáit CSTE LEE fógra do Rúnaíocht CSTE faoina gcinntí náisiúnta.

5. Bunaithe ar na fógraí ó Stáit CSTE LEE, tá liosta de na cinntí náisiúnta déanta ag Rúnaíocht CSTE.

6. Tá Comhchoiste LEE leis an liosta seo a thabhairt dá aire ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aige.

7. Tá an liosta le foilsiú i bhforlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* a luaithe a bheidh sé tugtha dá aire ag Comhchoiste LEE.

ANNEX I

Liosta de na cinntí náisiúnta de réir Rialachán (AE) 2018/848 maidir le Táirgeadh Orgánach, Airteagail 45 agus 47

an Íoslainn

Teideal	Tagairt náisiúnta
REGLUGERÐ um lífræna framleiðslu og merkingu lífrænt ræktaðra vara.	https://island.is/reglugerdir/nr/0205-2023

An Iorua

Teideal	Tagairt náisiúnta
Forskrift om økologisk produksjon og merking av økologiske landbruksprodukter, akvakulturprodukter, næringsmidler og fôr m.m. (økologiforskriften) – FOR-2022-06-11-1171	Forskrift om økologisk produksjon og merking av økologiske landbruksprodukter, akvakulturprodukter, næringsmidler og fôr m.m. (økologiforskriften)